An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Junior CYCLE for teachers

# Pleanáil don mheasúnú agus Tuairisciú in Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP)

Ionad Oideachais Mhuineacháin

An Roinn Oideachais agus Scileanna | Department of Education and Skills

www.jct.ie

## Rannán A: Suíomhanna Tagartha

http://www.curriculumonline.ie/

Ar an suíomh gréasáin seo a óstaíonn an CNCM, is féidir breathnú ar na sonraíochtaí curaclaim, samplaí de shaothar scoláirí, agus réimse roghanna tacaíocht mheasúnachta.

http://www.jct.ie/

Tugtar sonraí ar shuíomh gréasáin SSM de dheiseanna FGL chun tacú le scoileanna agus le múinteoirí i gcomhthéacs Chreat na Sraithe Sóisearaí 2015. Faightear ann freisin eolas, acmhainní agus ábhair bhainteacha, agus sonraí ar imeachtaí atá le teacht.

http://www.ncca.ie/

Faightear ar shuíomh gréasáin an CNCM sonraí ar phríomhghnéithe na sraithe sóisearaí nua; ábhair agus gearrchúrsaí nuafhorbartha, fócas ar litearthacht, uimhearthacht agus na Príomhscileanna, agus cuir chuige nua i leith measúnaithe agus tuairiscithe

http://www.pdst.ie/CSPE

Is í aidhm na foirne Sláinte agus Folláine leis an SFGM forbairt ghairmiúil agus tacaíocht ar ardchaighdeán a sholáthar a thugann cumhacht do mhúinteoirí agus do scoileanna chun an t-oideachas is fearr ar bith a sholáthar do gach dalta/scoláire.

http://www.actonline.ie/

Is é an Cumann do Mhúinteoirí OSSP (ACT) an cumann gairmiúil do mhúinteoirí OSSP in Éirinn.

http://www.ncse.ie/

Is é ról an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta ná caighdeán foghlama agus múinteoireachta a fheabhsú maidir le soláthar oideachas speisialta.

## Rannán B: OSSP laistigh den Chreat don tSraith Shóisearach

Cuireann **Oideachas sa tSraith Shóisearach** scoláirí i gceartlár an eispéiris oideachasúil, á gcumasú chun páirt ghníomhach a ghlacadh ina gcomhphobail agus sa tsochaí agus a bheith ina bhfoghlaimeoirí seiftiúla agus muiníneacha i ngach gné agus ag gach céim dá saol. Cuimsíonn an tSraith Shóisearach gach scoláire agus cuireann sí le cothromaíocht deiseanna, rannpháirtíochta agus torthaí do chách.

Cruthaíonn **Folláine sa tSraith Shóisearach** deiseanna foghlama chun leas fisiciúil, meabhrach, mothúchánach agus sóisialta scoláirí, agus a n-acmhainneacht a fheabhsú agus cuireann sí ar a gcumas scileanna saoil a thógáil agus braistint láidir ghaolmhaireachta a fhorbairt lena scoil agus lena bpobal. Cuirfidh sí béim freisin ar an ról a bhíonn ag scoláirí ina dteaghlach, ina bpobal agus sa tsochaí trí chéile. Cuimseoidh an réimse nua foghlama seo foghlaim a bhíodh i gceist go traidisiúnta le CO, OSPS agus OSSP. Chomh maith leis sin, is féidir le scoil roghnú chun réimsí eile a chlúdach ina soláthar don Fholláine.

Cuidíonn **OSSP** le scoláirí a bhfuil ar siúl sa domhan a cheistiú, a léirmheas agus a mheasúnú; tugann sé tuiscint do scoláirí ar a gcearta daonna agus ar a bhfreagrachtaí sóisialta; spreagann sé scoláirí le machnamh conas todhchaí níos inbhuanaithe a chruthú do chách; cothaíonn sé feasacht ar an

gciall atá le maireachtáil go freagrach i sochaí dhaonlathach; agus an rud is tábhachtaí, cuireann sé saoránacht ghníomhach mhachnamhach ag croílár an phróisis fhoghlama trí dheis a thabhairt do scoláirí gníomh a dhéanamh agus tionchar a imirt maidir le saincheisteanna áitiúla, náisiúnta agus domhanda. (Sonraíocht Ghearrchúrsa sa tSraith Shóisearach don OSSP 2016, lch. 4)

**Righanna curaclaim don OSSP laistigh den Fholláine (Imlitir ROS 0079/2018)**
Caithfidh scoláirí staidéar a dhéanamh ar OSSP. I measc na roghanna:

- siollabas na sraithe sóisearaí in OSSP (1996) nó
- sonraíocht do ghearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí don OSSP (2016)

## Rannán C: Na Ráitis Foghlama atá le fáil i Sonraíocht Ghearrchúrsa an OSSP

- Tá meas ag an scoláire ar a bhfuil i gceist le bheith ina s(h)aoránach gníomhach, le cearta agus dualgais i gcomhthéacsanna áitiúla agus i gcomhthéacsanna níos leithne. (7)

-Tuigeann an scoláire bunús agus tionchar ghnéithe sóisialta, eacnamaíocha agus comhshaoil an domhain timpeall air/uirthi. (9)

- Tá an fheasacht, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus an t-inspreagadh ag an scoláire le maireachtáil go hinbhuanaithe (10)

-Déanann an scoláire gníomh lena f(h)olláine féin agus folláine daoine eile a chosaint agus a chur chun cinn (11)

## Rannán D: Na hOcht bPríomhscil

Tá ocht scil de dhíth le haghaidh foghlaim rathúil scoláirí *síos tríd* an gcuraclam agus don fhoghlaim *tar éis* na scoile.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **A bheith liteartha** | **Mé féin a bhainistiú** | **Fanacht folláin** | **Eolas agus smaointeoireacht a bhainistiú** |
| **A bheith uimheartha** | **A bheith cruthaitheach** | **Obair le daoine eile** | **Cumarsáid** |

## Rannóg E: Gníomhaíochtaí Ceardlainne

**Gníomhaíocht 1:** Roghnaigh íomhá amháin

**Gníomhaíocht 2:** Bris an Cód

| **1, 12, 12** | **20, 8, 9, 14, 7, 19** | **3, 15, 14, 14, 5, 3, 20** |
|---|---|---|
| ALL | | |

**Gníomhaíocht 3:** Gréasán na nasc

| **Smaoinigh** | **Péireáil** |
|---|---|
| | |
| **Roinnt** | |
| | |

**Gníomhaíocht 4:** Lámha in airde

**Gníomhaíocht 5:** M'intinní foghlama don lá inniu:

| |
|---|
| |

**Gníomhaíocht 6:** Forbairt inbhuanaithe á sainiú

| |
|---|
| |

**Gníomhaíocht 7:** 'Ná fágtar Aon Duine ar gCúl' ainm an fhíseáin. Smaoinigh faoin teideal seo. Cad é lena mbaineann an físeán i do bharúil? Mínigh do smaointe in dhá abairt.

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

____________________________________________________________

**Gníomhaíocht 8:** www.menti.com – iontráil an cód ar an scáileán.

**Gníomhaíocht 9:** Anois mothaím / smaoiním .....mar ..

| Mothaím / smaoiním ..... | Mar .. |
|---|---|
| | |

**Gníomhaíocht 10:** Ted Talk – Tagair do Thorthaí Foghlama Shnáithe 2 ar lch. 8.

**Gníomhaíocht 11:** Smeach-chairt

**Gníomhaíocht 12:** Machnamh an mhála dhroma

| Laistigh den mhála droma… | Fágtha lasmuigh den mhála droma… |
|---|---|
| | |

**Gníomhaíocht 13:** Do chuid scoláirí agus Snáithe 2

| Ábhair suime | Riachtanais Foghlama |
|---|---|
| Cad é mar a chabhróidh tú le do chuid scoláirí tabhairt faoi Shnáithe 2? | Cad é an dúshlán a chuirfidh tú roimh do scoláirí agus iad ag tabhairt faoi Shnáithe 2? |

**Gníomhaíochtaí 14-19:** Smeach-chairt

**Gníomhaíocht 20:** Aonad mapála leis na hábhair eile - [www.curriculumonline.ie](www.curriculumonline.ie)

**Gníomhaíocht 21:** Plé Grúpa

| | |
|---|---|
| **Grúpa 1 (lgh 4-6)** | **Grúpa 2 (lgh 6-8)** |
| **Grúpa 3 (lgh 9-11)** | **Grúpa 4 (lgh 12-13)** |

**Gníomhaíocht 22:** Pleanáil

| Leibhéal an tSeomra Ranga |
| --- |
| |
| **Leibhéal an Ábhair / na Foirne** |
| |
| **Leibhéal na Scoile Uile** |
| |

**Gearrchúrsa an OSSP – Ionchais maidir le scoláirí**

| | |
|---|---|
| **<u>Snáithe 1: Cearta agus Freagrachtaí</u>** | |
| | **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:** |
| **Dínit an duine – an bunús le cearta an duine** | 1.1 a phlé cad a chiallaíonn sé bheith daonna agus maireachtáil i bpobal le cearta agus le freagrachtaí<br><br>1.2 láithriú físe a chruthú chun suíomh a chur in iúl nuair nach léirítear meas ar an dínit dhaonna<br><br>1.3 ordlathas nó liosta tosaíochta a chruthú dá riachtanais, mianta agus cearta<br><br>1.4 'ciseán bunriachtanas' a chur le chéile a léiríonn riachtanais teaghlaigh atá ina gcónaí in Éirinn (ní hé go díreach a gcuid riachtanas eacnamaíoch)<br><br>1.5 sonraí uimhriúla a aimsiú agus a léirmhíniú a thaispeánann leithdháileadh áitiúil agus domhanda acmhainní bunúsacha agus patrúin neamhionannais |
| **Ionstraimí chearta an duine** | 1.6 scéalta a roinnt faoi dhaoine aonair nó faoi ghrúpaí a thugann inspioráid dóibh mar gheall ar a gcuid oibre ar son chearta an duine<br><br>1.7 amlíne a chruthú a rianaíonn cad as ar tháinig coincheap chearta an duine, ag léiriú cúigear nó níos mó de phríomhdhátaí, imeachtaí, daoine agus cáipéisí<br><br>1.8 a dtuiscint ar an gcaoi a mbaineann gníomhaireachtaí na Náisiún Aontaithe ar nós UNDHR, UNCRC agus ECHR lena saol féin a chur in iúl, ó thaobh a gcuid ceart agus a gcuid freagrachtaí araon<br><br>1.9 samplaí a aithint de chearta sóisialta, cultúrtha, teanga, eacnamaíocha, saoránachta, creidimh, comhshaoil agus polaitiúla<br><br>1.10 peirspictíochtaí difriúla a shonrú i gcásanna ina bhfuil coimhlint shoiléir maidir le cearta nó sárú ceart<br><br>1.11 a léiriú go dtuigeann siad a bhfreagracht féin chun a gcuid ceart daonna féin agus cuid daoine eile a chur chun cinn agus a chosaint<br><br>1.12 athmhachnamh a dhéanamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo |

| **Snáithe 2: Saoránacht Dhomhanda** | |
|---|---|
| | **Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:** |
| **Inbhuanaitheacht** | 2.1 a chur in iúl conas atá siad nasctha le agus spleách ar éicea-chórais, daoine agus áiteanna i ngar agus i gcéin<br><br>2.2 meabhrú ar shainmhínithe éagsúla ar an bhforbairt agus a sainmhíniú féin a cheapadh den fhorbairt inbhuanaithe<br><br>2.3 láithriú físe a chruthú de shonraí ina léiríonn siad a lorg éiceolaíoch<br><br>2.4 plé a dhéanamh ar thrí cinn nó níos mó de straitéisí maireachtáil inbhuanaithe is féidir leo féin a úsáid ina saol |
| **Forbairt áitiúil agus dhomhanda** | 2.5 scrúdú a dhéanamh ar chásanna staidéir nó fianaisí pearsanta de chuid daoine atá ag fulaingt de bharr bochtaineachta nó neamhionannais i gcomhthéacsanna agus i dtíortha difriúla agus ar an gcaoi atá siad ag oibriú chun na deacrachtaí atá acu a shárú<br><br>2.6 tuairim eolasach a chur in iúl faoi bhunchúiseanna na bochtaineachta, idir áitiúil agus dhomhanda<br><br>2.7 plé a dhéanamh le fianaise, ar na héifeachtaí dearfacha agus diúltacha le forbairt ina gceantar áitiúil féin |
| **Athrú domhanda a chur i gcrích** | 2.8 duine amháin agus institiúid amháin a bhfuil cumhacht agus tionchar acu ar shaol an lae inniu a aithint, agus ról gach ceann acu a mhíniú<br><br>2.9 anailís a dhéanamh ar shaincheist nó ar dhúshlán domhanda amháin, faoi na ceannteidil seo a leanas: cúiseanna, iarmhairtí, tionchar ar shaol daoine agus réitigh fhéideartha<br><br>2.10 a mheas conas is féidir leo cabhrú i leith dúshlán amháin atá roimh an domhan san am i láthair<br><br>2.11 feachtas chun athrú i réimse na hinbhuanaitheachta a fhiosrú agus na cúiseanna ar éirigh leis nó nár éirigh a mheas<br><br>2.12 machnamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo |

# Snáithe 3: An Daonlathas A Fhiosrú

| Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire: | |
|---|---|
| **Ciall an daonlathais** | 3.1 láithriú físe a chruthú de na gnáth-chomhthéacsanna agus institiúidí lena mbaineann siad, ag díriú ar na háiteanna ina bhfuil cumhacht agus tionchar acu<br><br>3.2 cur síos a dhéanamh ar phróisis chinnteoireachta agus róil ghrúpaí difriúla ina rang/scoil<br><br>3.3 comparáid a dhéanamh idir dhá chóras rialtais nó níos mó, agus aird ar leith a dhíriú ar na bealaí ina n-idirghníomhaíonn an stát lena shaoránaigh, agus inar féidir le saoránaigh a stát a mhúnlú<br><br>3.4 an téarmaíocht cheart a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar institiúidí, struchtúir, páirtithe polaitiúla agus róil na hÉireann agus na hEorpa<br><br>3.5 láidreachtaí agus laigí an phróisis dhaonlathaigh a phlé |
| **An dlí agus an saoránach** | 3.6 dlíthe a aithint a bhaineann go díreach lena saol féin<br><br>3.7 a mhíniú conas a dhéantar agus a chuirtear dlíthe i bhfeidhm, agus conas a fhorbraíonn siad le himeacht aimsire<br><br>3.8 ról agus ábharthacht cúirteanna áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a mhíniú<br><br>3.9 na naoi gcúis a ainmniú faoina bhfuil leithcheal mídhleathach i ndlí na hÉireann, agus samplaí a thabhairt<br><br>3.10 fiosrú a dhéanamh conas a d'úsáid daoine aonair nó grúpaí an dlí chun athruithe a dhéanamh sa tsochaí. |
| **Ról na meán i sochaí dhaonlathach** | 3.11 na hargóintí ar son agus in aghaidh saoirse na meán a phlé<br><br>3.12 cásanna staidéir ar úsáid meán digiteach nó eile a scrúdú i gceann amháin acu seo:<br>gluaiseacht um cheartas sóisialta<br>toghchán nó reifreann polaitiúil<br>fiosrúchán coiriúil<br>gluaiseacht chomhshaoil<br><br>3.13 machnamh ar an méid a foghlaimíodh sa snáithe seo. |

**Nótaí:**

**<u>Nótaí:</u>**

**Seirbhís Tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí (SSM)**

Seirbhís Tacaíochta de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna


Oifig Riaracháin:
Ionad Oideachais Mhuineacháin | Bóthar Ard Mhacha | Muineachán
Teil.: 047 74008

Oifig an Stiúrthóra:
BOOLM | Sráid an tSéipéil | Dún Dealgan
Teil.: 042 9364603